# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste arna cheapadh chun Faireachán a dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha

# 2014

Tá cóip den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda www.garda.ie agus ar láithreán gréasán Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie

Oifig Athstiúrtha Óige An Gharda Síochána,
An Garda Síochána,
Cearnóg Fhearchair,
Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Fón: (01) 666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 38 27
Ríomhphost: youthdiversion@garda.ie

# 2014

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

AN CHOISTE ARNA CHEAPADH CHUN FAIREACHÁN A DHÉANAMH ÉIFEACHTACHT AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA

# CLÁR ÁBHAR


1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste 3

2. Forbhearthnú ar an gCoiste 4

3. Achoimre Feidhmiúcháin 5

4. Forbhreathnú ar an gClár Athstiúrtha 6

    Struchtúr Eagrúcháin an Chláir Athstiúrtha 7

    An oiliúint a thugtar d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 8

5. Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha 9

6. Leanaí Atreoraithe chuig an gClár Athstiúrtha 11

    Cineál Coire dár Atreoraíodh na Leanaí 14

7. Rabhaidh —Rabhaidh Fhoirmiúla agus Neamhfhoirmiúla 15

8. Leanaí a Measadh de bheith Míoiriúnach dá nÁireamh 16

9. An Ceartas Aisiríoch 17

    Imeachtaí Ceartais Aisiríoch 2014 de réir Réigiúin agus Rannáin 18

    Scéalta faoin gCeartas Aisiríoch 19

    Gréasán Cleachtas Aisiríoch Phort Láirge 20

10. Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda 21

    Ionad na dTionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda sa Tír 22

11. Tuairimí 23

12. Moltaí 25

# 1 TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE



**A Choimisinéara, a chara,**

Is cúis áthais dom mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí 2001 chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2014 a chur in do láthair.

Léirítear sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Choiste Monatóireachta agus an Chláir Athstiúrtha i rith na bliana 2014, agus is inti a leagtar amach na gníomhartha molta don bhliain 2015.

B'ionann líon na n-atreoruithe don Chlár Athstiúrtha i rith na bliana 2014 agus 19,854, agus b'ionann líon na leanaí aonair a atreoraíodh agus 9,991. Glacadh le 7,451 (74%) díobh siúd a atreoraíodh isteach sa Chlár.

Rinne an Clár 993 rabhadh a riaradh i rith na bliana 2014 trí mheán an Cheartais Aisiríoch. Coinneoimid orainn sa bhliain 2015 ag cur úsáid an Cheartais Aisiríoch ar aghaidh mar chuid den Chlár Athstiúrtha i dteannta le cur chun cinn na gcleachtas aisiríoch mar bhealach oibre ag gach gairmí a bhíonn freagrach as leas leanaí agus daoine óga.

Ba í an bhliain 2014 an bhliain dheireanach den Dara Straitéis do Leanaí agus don Óige ag an nGarda, arna forbairt do na blianta idir 2012 – 2014.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, an Ceannfort Colette Quinn agus lena foireann ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus leis na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as ucht a ndíograise, a dtiomantais agus a saothair den scoth i rith na bliana 2014.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhbhaill ar Choiste Monatóireachta Alt 44 - An tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon, An tUas. Eddie D'Arcy, An tUas. John Cheatle, Abhcóide; agus an Garda Monica Reilly, Rúnaí don Choiste as ucht a gcuid iarrachtaí agus a ndúthrachta i gcaitheamh na bliana.

___________________ **An Leas-Choimisinéir**

**A.J. Nolan**

# 2
# FORBHREATHNÚ AR AN gCOISTE

Foráiltear le hAlt 44 d’Acht na Leanaí 2001 go gceaptar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Baineann téarmaí tagartha an Choiste le:
monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.

- athbhreithniú ar gach gné dá oibriú.
- monatóireacht ar gach éileamh oiliúna leanúnach de chuid na n-áisitheoirí.
- cur tuarascála bliantúla faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána i leith a ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

Is iad tascanna an Choiste ná chun:

- scrúdú a dhéanamh ar bhainistiú agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- dea-chleachtais a aithint i riaradh an Chláir.
- measúnú a dhéanamh ar na dea-chleachtais d’oiliúint áisitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh oiliúna.
- modheolaíochtaí a chur i dtoll a chéile do bhreithmheas agus tomhas éifeachtacht an Chláir.

**Is iad seo a leanas baill reatha an Choiste:**



Bíonn **An Leas-Choimisinéir Jack Nolan PhD**, freagrach as oifig Forbartha Eagrúcháin agus Pleanála Straitéisí, Ceanncheathrú an Gharda, i dteannta le Réigiún Oirdheiscirt an Gharda. Bhí poist aige roimhe seo mar Choimisinéir Réigiúnach do Réigiún an Iarthair, Stiúrthóir Oiliúna & Forbartha ag Coláiste an Gharda agus Ceannaire na Rannóige um Bainistiú Athrú i gCeanncheathrú an Gharda.



Bíonn **An tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon** freagrach as Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Phobail i gCearnóg Fhearchair, lena n-áirítear Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, agus is í an Stiúrthóir Oiliúna reatha anuas air sin í i gColáiste an Gharda, An Teampall Mór. Bhí sí ina Ceannfort roimhe seo ag Stáisiún an Gharda i mBaile an Róistigh, Cathair Luimnigh.



Cuireadh oideachas ar **an Uas. John Cheatle**, Abhcóide, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus in Óstaí an Rí. Glaodh chun an Bharra é thiar sa bhliain 1994, agus cleachtaíonn sé i limistéir an tear-mainn, an athbhreithnithe bhreithiúnaigh, agus díobhálacha tráchtála agus pearsanta. Cuireadh oiliúint air mar eadránaí creidiúnaithe ón Lárionad do Réiteach Éifeachtach Díospóidí, agus tá spéis faoi leith aige sa cheartas aisiríoch agus san eadráin idir ciontóirí agus íospartaigh. Is ball é d’Údarás Réitigh Dhíospóidí an CLG agus ba bhall comhairle é de Chumann Idirghabhála Tráchtála na hÉire-ann.



Is oibrí óige gairmiúil é **Eddie D'Arcy** le níos mó ná taithí 35 bliain aige, lena n-áirítear 15 bliain mar bhainisteoir i Seirbhís Óige Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana mar Cheann Seirbhísí Oibre Óige le Cúram don Óige Chaitliceach. Ba eisean a d’fhorbair an chéad Tionscadal Athstiúrthach Óige den Gharda (GRAFT). Tá sé ina léachtóir faoi láthair leis an gCeartas Óige in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; agus tá sé ag obair mar shaorchomhairleach san obair óige.

# 3
# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

- Tharla laghdú 3% sa bhliain 2014 i líon na n-atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha Ógánach.
- Ba é 19,854 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i rith na bliana 2014, i gcomparáid le 20,536 sa bhliain 2013.
- Ba é 9,991 líon iomlán na leanaí aonair a atreoraíodh chuig an gClár i gcomparáid le 10,420 sa bhliain 2013.
- Glacadh le 7,451 (74%) de na leanaí a atreoraíodh isteach sa Chlár Athstiúrtha i gcomparáid le 7,732 (74%) sa bhliain 2013.
- Pléadh le 4,925 (49%) de chásanna leanaí trí mheán rabhaidh neamhfhoirmiúil i gcomparáid le 5,188 (50%) sa bhliain 2013.
- Pléadh le 2,526 (25%) de chásanna leanaí trí mheán rabhaidh fhoirmiúil i gcomparáid le 2,544 (24%) sa bhliain 2013.
- Tá cinneadh ar feitheamh i gcásanna 310 (3%) leanbh i gcomparáid le 449 (4%) sa bhliain 2013.
- Níor theastaigh aon ghníomh breise ón nGarda i gcás 648 (6%) de na leanaí i gcomparáid le 587 (6%) sa bhliain 2013.
- Breithníodh 1,582 (16%) de na leanaí gan bheith oiriúnach lena n-áireamh sa Chlár i gcomparáid le 1,652 (16%) sa bhliain 2013.
- Ba leanaí baineanna iad 25% de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár, agus 75% acu fireann, arbh ionann iad agus figiúirí na bliana 2013.
- Leanadh ar aghaidh ag forbairt Chláir Cheartais Aisiríoch an Gharda, inar cuireadh chun cinn an cleachtas aisiríoch san idirghabháil athstiúrtha óige. Bhain na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige leas as an gCeartas Aisiríoch i 993 atreorú.
- Is ionann an ghoid agus cionta gaolmhara (28.5%), an tOrd Poiblí (23.5%), agus díobháil don mhaoin agus don chomhshaol (10.2%) agus na trí phríomhchatagóir cionta dá n-atreoraítear leanaí.
- Is ionann líon iomlán na bpost JLO agus 123 lena n-áirítear 8 Sáirsintí JLO, arb ionann agus figiúirí na bliana 2013.

# 4
# FORBHREATHNÚ AR AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

Nuair a bhíonn duine faoi bhun 18 bliain d'aois freagrach as coir éigin is féidir plé leis an gcás ar cheachtar den dá bhealach;

1. Is féidir rabhadh a thabhairt don duine óg, nó
2. Is féidir iad a thabhairt os comhair na cúirte.

Caithfear rabhadh a bhreithniú do dhuine óg ar dtús sula dtugtar os comhair na cúirte iad. Is foláireamh atá sa rabhadh ó Oifigeach Idirchaidrimh an Gharda don Óige, agus áirítear leis comhrá faoin gcoir i gceist. Is é Ceannfort an Gharda a ghlacann an cinneadh chun rabhadh nó ionchúiseamh a thabhairt ag Oifig Atreoraithe Óige an Gharda. Tugtar an Clár Atreoraithe ar an gclár malartach seo chun plé le daoine óga a dhéanann cion nó coir éigin. Oibrítear an clár seo faoi reachtaíocht arna leagan amach in Acht na Leanaí, 2001.

### ÁIREAMH LEIS AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

Is ann do roinnt critéar a chaithfear a chomhlíonadh sular féidir duine óg a bhreithniú go hoiriúnach do rabhadh agus dá áireamh leis an gClár Athstiúrtha.

Caitheann an duine óg:

glacadh le freagracht as an iompar ciontaithe,
comhaontú le rabhadh a fháil,
comhaontú de réir mar is cuí le téarmaí na maoirseachta.

Is faoi Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha chun cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht duine óig lena áireamh sa chlár. Agus an cinneadh sin á dhéanamh féadann an Stiúrthóir tuairimí a lorg ó íospartach ar bith, ach is faoin Stiúrthóir é an cinneadh deireanach.

### CÉN CHAOI A nOIBRÍONN AN PRÓISEAS?

Is amhlaidh i ngach aon chás a dhéanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) teagmháil leis an duine óg agus a bhuailfidh siad leo chun an t-iompar ciontaithe a phlé. Féadann an cruinniú sin tarlú i mbaile an linbh nó sa Stáisiún Garda. Caitheann an leanbh agus tuismitheoir (í) nó caomhnóir an linbh bheith i láthair. I gcaitheamh an phlé sin is amhlaidh a bheifear ag dúil ón duine óg go ngeallfaidh siad gan cionta a dhéanamh amach anseo. Déanfaidh an JLO agus an teaghlach iarracht chun tacú le pé iarrachtaí a bhíonn an duine óg toilteanach chun a dhéanamh chun aon iompar ciontaithe amach anseo a chosc. Is é JLO, Cigire Garda nó an Ceannfort Garda a thabharfaidh an rabhadh.

### CÉ A GHLACANN AN CINNEADH AN OIRÚNACH NÓ NACH OIRIÚNACH É AN DUINE?


Is é Ceannfort Garda ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a dhéanfaidh an cinneadh chun duine a áireamh leis an gClár Athstiúrtha, ar a dtugtar Stiúrthóir an Chláir. Agus a c(h)inneadh á ghlacadh aige/aici, is féidir an Stiúrthóir breithniú faoi:

- Cineál an chiona
- Tuairimí an íospartaigh
- Leasanna na sochaí
- Tuairimí an Gharda gabhála
- Tuairimí an JLO
- Dearcadh agus tuairimí an duine óig a rinne an cion
- Tuairimí thuismitheoirí nó chaomhnóir an duine óig
- Ar gabhadh leithscéal
- An féidir nó nach féidir rud ar bith a dhéanamh chun an díobháil a dheisiú
- Baint roimhe seo an linbh sa chlár.

### CAD Í AN MHAOIRSEACHT?

Is féidir an duine óg a chur faoi mhaoirseacht an JLO ar feadh tréimhse 12 mí nuair a thugtar rabhadh dó/di. Is é an JLO a dhéanfaidh cinneadh i leith chineál na maoirseachta, agus beidh éagsúlacht ann ó chás go chéile. Cuir i gcás go mbaineann comhaontú an duine óig leis chun dul i mbun gníomhaíochtaí áirithe, freastal ar thionscadal óige, nó nach foláir don duine óg tuairisciú chuig an JLO nó chuig Gardaí eile ag tráthanna sonracha.

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA



# AN OILIÚINT A THUGTAR D'OIFIGIGH IDIRCHAIDRIMH DON ÓIGE

Cuirtear dualgas ar Choimisinéir an Gharda faoi Acht na Leanaí 2001 chun oiliúint a chur orthu siúd a bhíonn bainteach le héascú an Chláir Athstiúrtha. Is é An Garda Síochána a sholáthraíonn oiliúint shonrach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLOí) a n-áirítear léi:

## Oiliúint Ionduchtúcháin JLO

Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar na Gardaí a cheaptar ina nOIfigigh Idirchaidrimh don Óige ina ndírítear ar na dualgais dlíthiúla agus reachtúla faoi bhun an róil. Áirítear leis an oiliúint teagasc sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i limistéar an cheartais ógánach i dteannta le treoir faoi na próisis agus na nósanna imeachta riaracháin le comhlíonadh nuair a théitear i ngleic le ciontóirí óga.

## Oiliúint Eadrána

Cuirtear oiliúint ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige in oilteachtaí agus teicníochtaí réitigh choimhlinte. Díríonn an oiliúint sin ar na próisis eadrána chun cumarsáid a fheabhsú, chun mothúcháin a mhaolú agus chun caidrimh a chaomhnú. Is clár creidiúnaithe é an clár oiliúna séasca uair ar fhad, agus is ceangaltas é do na JLOí faoi Acht na Leanaí 2001.

## Oiliúint in Oilteachtaí Áisitheora sa Cheartas Aisiríoch.

Is teoiric an cheartais é an Ceartas Aisiríoch atá dírithe ar íospartaigh agus ar an bpobal, ina leagtar béim ar dheisiú na díobhála a dhéantar leis an iompar coiriúil.

Tugtar míniú air i dTuarascáil Dheireanach an Choimisiúin Náisiúnta um an gCeartas Aisiríoch (2009) mar seo a leanas *"Restorative Justice is a victim-sensitive response to criminal offending which through engagement with those affected by crime, aims to make amends for the harm that has been caused to victims and communities and which facilitates offender rehabilitation and integration into society"* (Is freagra é an Ceartas Aisiríoch do chionta coiriúla lena mbaineann íogaireacht d'íospartaigh, a mbíonn an aidhm aige trí dhlúthbhaint leo siúd a dtéann an choireacht i bhfeidhm orthu chun an díobháil a rinneadh d'íospartaigh agus pobail a chúiteamh, agus lena n-éascaítear d'athshlánú agus comhtháthú an chiontóra isteach sa tsochaí).

Cuirtear cúrsa creidiúnaithe sna Cleachtais Aisiríocha trí lá ar na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige. Soláthraítear na hoilteachtaí do na JLOí tríd an gcúrsa chun rabhaidh aisiríocha a éascú agus chun leas a bhaint as cleachtais aisiríocha ina ndlúthbhaint le ciontóirí óga.

## Ard-Dioplóma sa Cheartas Ógánach - Óstaí an Rí

Dírítear sa chlár páirtaimseartha seo ar na saincheisteanna tábhachtacha, dlí agus dlíthiúla suntasacha maidir le leanaí a bhíonn páirteach sa chóras ceartais choiriúil. Dírítear é den chuid is mó ar chiontú ógánach, agus tugtar aghaidh ann freisin ar ról an linbh mar fhinné sna himeachtaí ceartais choiriúil. Leagtar béim phraiticiúil láidir sa Chlár ar roinnt aoi-léachtaí ó dhaoine aonair a oibríonn le leanaí i limistéir éagsúla den chóras ceartais choiriúil in Éirinn.

Ligtear do na mic léinn trí na léachtaí ábhartha chun tuiscint ghrinn a fhorbairt ar fhorálacha dlíthiúla; beartais; treochtaí ag éirí aníos; taighde; dioscúrsa acadúil reatha agus an dea-chleachtas a nglactar leis i limistéar chionta ógánach. Rinne 10 JLOí an cúrsa sa bhliain 2014.

## Forbairt Straitéise d'Fhorfheidhmiú an Cheartais Aisiríoch agus na gCleachtas Aisiríoch.


Bunaíodh grúpa oibre sa bhliain 2014 lenar bhain baill den Gharda Síochána, oifigigh JLO le taithí, agus baill d'Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, chun an straitéis thuas a fhorbairt. Chuathas i mbun comhairliúcháin inmheánaigh i bhfoirm ceistneoirí, comhráite ag leibhéal Dúiche agus agallaimh leathstruchtúrtha le Ceannfoirt Bhleachtaireachta, Ceannfoirt agus Oifigigh Rannánacha.

Rinneadh comhairliúchán seachtrach le geallsealbhóirí i limistéar an Cheartais agus na gCleachtas Aisiríoch, iniúchadh na litríochta acadúla agus scrúdú ar chleachtais i roinnt fórsaí póilíneachta ar fud an domhain. Is éard is aidhm leis an straitéis ná chun níos mó feasachta a spreagadh agus chun prótacail fheabhsaithe a chruthú d'úsáid an Cheartais Aisiríoch agus don Chleachtas Aisiríoch sa phobal. Soláthrófar léi comhairle agus treoir do na JLOí agus don lucht bainistíochta áitiúil i leith fhorfheidhmiú an Cheartais Aisiríoch agus na gCleachtas Aisiríoch. Táthar ag dúil go bhfoilseofar an Straitéis amach sa bhliain 2015.

# 5
# ATREORUITHE CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

Eisíodh 19,854 atreorú sa bhliain 2014 arbh ísle faoi 3% iad ná na 20,536 leanbh atreorú a eisíodh thiar sa bhliain 2013.

**Fíor 1 - Líon na gCásanna a Atreoraíodh 2007-2014**






**Fíor 2 - Cinntí Cáis mar chéatadán de líon iomlán na n-atreoruithe (2014)**

| Moladh | Iomlán | % |
|---|---|---|
| Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 6,941 | 35% |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 6,233 | 31% |
| Rabhadh Foirmiúil | 4,291 | 22% |
| Rabhadh Aisiríoch | 993 | 5% |
| Gan a Thuilleadh Gnímh | 873 | 4% |
| *Eile | 523 | 3% |
| Iomlán Glan | 19,854 | 100% |

* lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise

Measadh 35% de na hatreoruithe bheith Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha, pléadh trí Rabhaidh Neamhfhoirmiúla le 31% acu, agus pléadh trí Rabhaidh Fhoirmiúla le 22% acu.



# ATREORUITHE CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

**Tábla 1 - Líon na nAtreoruithe sa bhliain 2014 de réir Réigiúin agus Rannáin**

| 2014 Réigiún / Rannán | Iomlán | %Athrú 2014 | Míoiriúnach | Rabhadh Neamhfhoir-miúil | Rabhadh Foirmiúil | Rabhadh Aisiríoch | Gan a Thuilleadh Gnímh | * Eile * |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **6,838** | **-2%** | **2,820** | **1,763** | **1,417** | **278** | **340** | **220** |
| RCBÁC Thoir | 753 | -1% | 304 | 187 | 138 | 27 | 32 | 65 |
| **RCBÁC Thuaidh Lárnach** | **1,158** | **75%** | **410** | **445** | **165** | **17** | **81** | **40** |
| RCBÁC Thuaidh | 1,244 | -17% | 520 | 254 | 277 | 136 | 30 | 27 |
| **RCBÁC Theas Lárnach** | **963** | **99%** | **514** | **188** | **157** | **18** | **65** | **21** |
| RCBÁC Theas | 1,163 | -31% | 474 | 321 | 267 | 11 | 49 | 41 |
| **RCBÁC Thiar** | **1,557** | **-18%** | **598** | **368** | **413** | **69** | **83** | **26** |
| **Réigiún an Oirthir** | **2,798** | **-1%** | **1,089** | **817** | **606** | **116** | **110** | **60** |
| Cill Dara | 551 | -7% | 132 | 204 | 142 | 19 | 39 | 15 |
| **Laois/Uíbh Fhailí** | **662** | **21%** | **298** | **181** | **115** | **21** | **23** | **24** |
| An Mhí | 590 | -22% | 285 | 131 | 113 | 41 | 14 | 6 |
| **An Iarmhí** | **391** | **-7%** | **175** | **94** | **83** | **27** | **7** | **5** |
| Cill Mhantáin | 604 | 17% | 199 | 207 | 153 | 8 | 27 | 10 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **1,893** | **0%** | **433** | **706** | **487** | **162** | **52** | **53** |
| An Cabhán/ Muineachán | 545 | 21% | 122 | 204 | 170 | 32 | 10 | 7 |
| **Dún na nGall** | **569** | **15%** | **88** | **211** | **156** | **69** | **9** | **36** |
| Lú | 489 | -24% | 126 | 185 | 99 | 53 | 21 | 5 |
| **Sligeach/Liatroim** | **290** | **-6%** | **97** | **106** | **62** | **8** | **12** | **5** |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **2,102** | **-11%** | **557** | **791** | **497** | **108** | **93** | **56** |
| Cill Chainnigh/ Ceatharlach | 451 | -21% | 74 | 230 | 99 | 17 | 18 | 13 |
| **Tiobraid Árann** | **531** | **-13%** | **173** | **143** | **138** | **49** | **17** | **11** |
| Port Láirge | 646 | -13% | 214 | 225 | 116 | 26 | 45 | 20 |
| **Loch Garman** | **474** | **7%** | **96** | **193** | **144** | **16** | **13** | **12** |
| **Réigiún an Deiscirt** | **4,025** | **-4%** | **1,587** | **1,180** | **738** | **272** | **169** | **79** |
| Cathair Chorcaí | 1,341 | 13% | 669 | 358 | 169 | 51 | 56 | 38 |
| **Corcaigh Thuaidh** | **472** | **-20%** | **143** | **147** | **100** | **65** | **13** | **4** |
| Corcaigh Thiar | 395 | -9% | 99 | 157 | 92 | 20 | 23 | 4 |
| **Ciarraí** | **595** | **-4%** | **151** | **208** | **144** | **46** | **33** | **13** |
| Luimneach | 1,222 | -11% | 525 | 310 | 233 | 90 | 44 | 20 |
| **Réigiún an Iarthair** | **2,198** | **4%** | **455** | **976** | **546** | **57** | **109** | **55** |
| An Clár | 659 | 3% | 160 | 264 | 177 | 13 | 27 | 18 |
| **Gaillimh** | **951** | **9%** | **185** | **423** | **236** | **35** | **51** | **21** |
| Maigh Eo | 332 | -7% | 54 | 188 | 56 | 5 | 22 | 7 |
| **Ros Comáin/An Longfort** | **256** | **0%** | **56** | **101** | **77** | **4** | **9** | **9** |
| **Iomlán Náisiúnta** | **19,854** | **-3%** | **6,941 (-3%)** | **6,233 (-6%)** | **4,291 (1%)** | **993 (9%)** | **873 (13%)** | **523 (-35%)** |


***** *lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

**Ní shuimítear roinnt céatadán go díreach chuig 100 de bharr slánúcháin**

# 6
# LEANAÍ ATREORAITHE CHUIG AN gCLÁR ATHSHTIÚRTHA


Atreoraíodh 9,991 leanbh sa bhliain 2014 arbh ísle faoi 4% iad ná na 10,420 leanbh a atreoraíodh sa bhliain 2013.

**Fíor 4 - Líon na Leanaí a Atreoraíodh 2007-2014**




- B'fhireann iad 75% de na leanaí a atreoraíodh, agus 25% baineann

**Fíor 5 - Aois na Leanaí a Atreoraíodh 2013-2014**




- Bhí 25% de na leanaí faoi bhun 15 bliana déag d'aois, agus bhí 33% ag aois 17 mbliana déag sa bhliain 2014.

**Fíor 6 - Líon na Leanaí a Atreoraíodh 2014**

| Leanaí (atreorú is déanaí) | Iomlán | %⁺ | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 4,925 | 49% | 66% | 34% |
| **Rabhadh Foirmiúil** | **2,526** | **25%** | **84%** | **16%** |
| Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 1,582 | 16% | 88% | 12% |
| **Gan a Thuilleadh Gníomh** | **648** | **6%** | **65%** | **35%** |
| *Eile | 310 | 3% | 84% | 16% |
| Iomlán Glan | 9,991 | 100% | 75% | 25% |

**lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

*⁺Ní shuimítear roinnt céatadán go díreach chuig 100 de bharr slánúcháin*

- Ba é Rabhadh Neamhfhoirmiúil an cineál atreoraithe ba dhéanaí acu i gcás 49% de na leanaí a atreoraíodh. B'fhireann iad 66% de na leanaí a fuair Rabhadh Neamhfhoirmiúil mar an rabhadh ba dhéanaí acu, agus b'fhireann freisin 88% díobh siúd a measadh de bheith Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha.


# LEANAÍ ATREORAITHE CHUIG AN gCLÁR ATHSHTIÚRTHA

**Fíor 7 - Líon na nAtreoruithe de réir Linbh - 2014**

| Atreoruithe 2014 | Iomlán | % | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|
| 1 amháin | 7,020 | 70% | 71% | 29% |
| 2-3 atreorú | 1,917 | 19% | 82% | 18% |
| 4-5 atreorú | 481 | 5% | 84% | 16% |
| 6 atreorú nó níos mó | 573 | 6% | 92% | 8% |

- Níl ach atreorú amháin ag 70% de na leanaí a atreoraíodh, agus tá sé cinn nó níos mó ag 6% sa bhliain 2014. Díobh siúd a fuair 1 atreorú amháin sa bhliain 2014, is fireann 71% acu agus is baineann 29% acu. B'fhireann den chuid ba mhó iad na leanaí le 6 atreorú nó níos mó, gan ach 8% acu baineann.

**Fíor 8 - Próifíl Aoise de réir Líon na nAtreoruithe**




**Fíor 9 -Próifíl Aoise de réir Líon na nAtreoruithe**

| | 1 amháin | 2-3 atreorú | 4-5 atreorú | 6 atreorú nó níos mó | % de réir Aoise |
|---|---|---|---|---|---|
| Aois 12 | 299 | 62 | 13 | 12 | 3.9% |
| Aois 13 | 585 | 128 | 26 | 27 | 7.7% |
| Aois 14 | 944 | 250 | 63 | 38 | 13.0% |
| Aois 15 | 1,383 | 338 | 89 | 98 | 19.1% |
| Aois 16 | 1,554 | 426 | 115 | 145 | 22.4% |
| Aois 17 | 2,187 | 697 | 168 | 242 | 33.0% |
| Aois 18 | 47 | 16 | 7 | 11 | 0.8% |

** Léirítear sa tábla gach duine a taifeadadh de bheith idir 12 agus 18 bliain d'aois*

- Baineann cion níos mó d'atreoruithe le leanaí níos sine, agus iad siúd d'aois 17 bliain d'aois nó níos sine ina 33% díobh siúd a atreoraíodh, agus ní hionann líon na leanaí 12 bliain d'aois ach amháin do 4% de na cásanna.

**Fíor 10 - Cineál Atreoraithe de réir Líon na nAtreoruithe 2014**

| | Líon na nAtreoruithe 2014 | | |
|---|---|---|---|
| Cineál Atreoraithe | 1 amháin | 2-5 atreorú | 6 atreorú nó níos mó |
| Míoiriúnach do Gach Cás | 8% | 24% | 68% |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 70% | 28% | 2% |
| Rabhadh Foirmiúil | 23% | 51% | 25% |
| Rabhadh Aisiríoch | 32% | 44% | 24% |
| Gan a Thuilleadh Gnímh | 62% | 32% | 7% |
| Eile * | 37% | 42% | 21% |

** Iena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

- Ceanglaítear an chuid is mó de na torthaí um Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus Gana Thuilleadh Gnímh le leanaí gan ach 1 atreorú amháin acu sa bhliain 2014. 68% díobh siúd a measadh de bheith Míoiriúnach dá gcuimsiú faoin gClár; fuair siad 6 atreorú nó ní ba mhó sa bhliain 2014.

**Tábla 2 - Líon na Leaní Atreoraithe sa bhliain 2014 de réir Réigiúin agus Rannáin chónaithe**

| Réigiún / Rannán | Iomlán | % Athrú 2014 | Rabhadh Neamh-fhoirmiúil | Rabhadh Foirmiúil | Míoiriúnach | Gan a Thuilleadh Gnímh | Eile * |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **3,112** | **-4%** | **1,308** | **821** | **632** | **227** | **124** |
| RCBÁC Thoir | 302 | -17% | 131 | 58 | 52 | 23 | 38 |
| **RCBÁC Thuaidh Lárnach** | **240** | **-6%** | **88** | **46** | **69** | **21** | **16** |
| RCBÁC Thuaidh | 715 | -1% | 259 | 258 | 140 | 39 | 19 |
| **RCBÁC Theas Lárnach** | **216** | **10%** | **103** | **39** | **41** | **26** | **7** |
| RCBÁC Theas | 712 | -5% | 351 | 134 | 152 | 55 | 20 |
| **RCBÁC Thiar** | **927** | **-4%** | **376** | **286** | **178** | **63** | **24** |
| **Réigiún an Oirthir** | **1,354** | **-5%** | **699** | **320** | **212** | **83** | **40** |
| Cill Dara | 333 | -4% | 184 | 68 | 43 | 25 | 13 |
| **Laois/Uíbh Fhailí** | **273** | **-5%** | **145** | **51** | **54** | **15** | **8** |
| An Mhí | 302 | -5% | 136 | 87 | 57 | 20 | 2 |
| **An Iarmhí** | **154** | **-23%** | **66** | **47** | **31** | **6** | **4** |
| Cill Mhantáin | 292 | 4% | 168 | 67 | 27 | 17 | 13 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **1,004** | **-2%** | **521** | **288** | **124** | **39** | **32** |
| An Cabhán/Muineachán | 253 | -7% | 152 | 73 | 18 | 7 | 3 |
| **Dún na nGall** | **327** | **-1%** | **144** | **123** | **33** | **6** | **21** |
| Lú | 265 | 12% | 138 | 67 | 40 | 16 | 4 |
| **Sligeach/Liatroim** | **159** | **-15%** | **87** | **25** | **33** | **10** | **4** |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **1,191** | **-3%** | **655** | **277** | **154** | **68** | **37** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 281 | -12% | 163 | 66 | 29 | 11 | 12 |
| **Tiobraid Árann** | **303** | **2%** | **154** | **81** | **49** | **11** | **8** |
| Port Láirge | 356 | 2% | 183 | 77 | 51 | 37 | 8 |
| **Loch Garman** | **251** | **-7%** | **155** | **53** | **25** | **9** | **9** |
| **Réigiún an Deiscirt** | **1,958** | **-9%** | **967** | **523** | **321** | **111** | **36** |
| Cathair Chorcaí | 569 | -4% | 270 | 120 | 137 | 33 | 9 |
| **Corcaigh Thuaidh** | **270** | **-17%** | **129** | **94** | **32** | **11** | **4** |
| Corcaigh Thiar | 236 | -7% | 131 | 57 | 33 | 14 | 1 |
| **Ciarraí** | **293** | **-17%** | **159** | **84** | **25** | **18** | **7** |
| Luimneach | 590 | -4% | 278 | 168 | 94 | 35 | 15 |
| **Réigiún an Iarthair** | **1,269** | **3%** | **749** | **285** | **130** | **71** | **34** |
| An Clár | 311 | -3% | 174 | 80 | 32 | 14 | 11 |
| **Gaillimh** | **569** | **10%** | **331** | **128** | **65** | **33** | **12** |
| Maigh Eo | 224 | -6% | 154 | 33 | 17 | 17 | 3 |
| **Ros Comáin/An Longfort** | **165** | **4%** | **90** | **44** | **16** | **7** | **8** |
| **Lasmuigh den Dlínse** | **103** | **-5%** | **26** | **12** | **9** | **49** | **7** |
| **Iomlán Glan** | **9,991** | **-4%** | **4,925** | **2,526** | **1,582** | **648** | **310** |

** lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

# CINEÁL COIRE DÁR ATREORAÍODH NA LEANAÍ

**Tábla 3 - Cineál coire dár atreoraíodh Leanaí 2014**


| Grúpa Cionta / Cineál Ciona | 2014 | % Iomlán | % Athrú | 2013 | Cionta Braite 2014* |
|---|---|---|---|---|---|
| **Goid agus Cionta Gaolmhara** | **5,654** | **28.5%** | **1%** | **5,611** | **22%** |
| Goid ó Shiopa | 3,474 | 17.5% | 8% | 3,228 | 22% |
| **Goid Eile** | **524** | **2.6%** | **-8%** | **572** | **19%** |
| Goid/gabháil neamhúdaraithe feithicle | 506 | 2.5% | 29% | 392 | 51% |
| **Goid ó fheithicil** | **327** | **1.6%** | **-21%** | **415** | **25%** |
| Goid/gabháil neamhúdaraithe Rothair | 270 | 1.4% | -30% | 387 | 57% |
| **Maoin Ghoidte a Láimhsiú** | **308** | **1.6%** | **-6%** | **328** | **22%** |
| Goid ó Dhuine | 131 | 0.7% | -31% | 191 | 19% |
| **Cur Isteach ar Mheicníocht MPV** | **110** | **0.6%** | **15%** | **96** | **93%** |
| **Cionta Oird Phoiblí agus Cóid Shóisialta eile** | **4,669** | **23.5%** | **-14%** | **5,400** | **16%** |
| Cionta oird phoiblí | 2,509 | 12.6% | -17% | 3,019 | 13% |
| **Cionta Treaspáis** | **1,011** | **5.1%** | **-1%** | **1,020** | **60%** |
| Cionta Meisce | 593 | 3.0% | -18% | 725 | 9% |
| **Alcól a Cheannach/Thomhailt faoi bhun 18 bl** | **361** | **1.8%** | **-19%** | **445** | — |
| Airgead a bhailiú gan chead | 62 | 0.3% | 15% | 54 | 64% |
| **Adhrann/Cinéib/Airnéail Fhon Signeach** | **71** | **0.4%** | **51%** | **47** | **76%** |
| Impí Déirce | 28 | 0.1% | -22% | 36 | 3% |
| **Díobháil do Mhaoin agus don Chomhshaol** | **2,026** | **10.2%** | **-7%** | **2,188** | **34%** |
| Díobháil choiriúil (nach coirloscadh) | 1,859 | 9.4% | -7% | 2,004 | 33% |
| **Coirloscadh** | **143** | **0.7%** | **-17%** | **173** | **53%** |
| Cionta caite bruscair | 24 | 0.1% | 118% | 11 | 29% |
| **Iarrachtaí/Bagairtí Dúnmharaithe, Ionsaithe, Cásann** | **1,572** | **7.9%** | **9%** | **1,442** | **19%** |
| Mionionsaí | 1,134 | 5.7% | 13% | 1,004 | 21% |
| **Ionsaí díobhálach** | **367** | **1.8%** | **9%** | **338** | **18%** |
| Ionsaí/Bac/Cur in agh. Gabhála - Oifigeach Síc | 34 | 0.2% | -24% | 45 | 13% |
| **Bagairtí Dúnmharaithe/Díobháil Thromchúise** | **16** | **0.1%** | **33%** | **12** | **7%** |
| Ciapadh | 12 | 0.1% | -29% | 17 | 5% |
| **Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara** | **1,409** | **7.1%** | **1%** | **1,401** | **30%** |
| Buirgléireacht (nach trom í) | 1,198 | 6.0% | -2% | 1,218 | 30% |
| **Seilbh ar earra (buirgléireacht, goid, éileamh** | **178** | **0.9%** | **5%** | **169** | **28%** |
| Buirgléireacht Throm | 33 | 0.2% | 135% | 14 | 28% |
| **Cionta Drugaí Rialaithe** | **1,186** | **6.0%** | **-2%** | **1,212** | **8%** |
| Seilbh drugaí d'úsáid phearsanta | 957 | 4.8% | -2% | 978 | 9% |
| **Seilbh drugaí dá ndíol agus soláthar** | **186** | **0.9%** | **-8%** | **203** | **5%** |
| Bac faoin Acht um Dhrugaí | 38 | 0.2% | 46% | 26 | 7% |
| **Saothrú nó déantúsaíocht drugaí** | **4** | **0.0%** | **-20%** | **5** | **1%** |
| **Cionta Bóithre agus Tráchta (NEC)** | **1,181** | **5.9%** | **2%** | **1,155** | **1%** |
| Cionta ginearála Bóithre | 595 | 3.5% | -6% | 738 | 1% |
| **Ceadúnas/Árachas/Cáin** | **308** | **1.6%** | **-16%** | **365** | **1%** |
| **Gníomhartha Contúirteacha nó Faillíocha** | **554** | **2.8%** | **18%** | **469** | **1%** |
| Tiomáint chontúirteach/neamhaireach | 308 | 1.6% | 23% | 250 | 8% |
| **Tiomáint ar Róluas** | **124** | **0.6%** | **14%** | **109** | **0%** |
| Cionta chun trácht a chur i mbaol | 61 | 0.3% | 42% | 43 | 2% |
| **Tiomáint/i bhfeighil gluaisteáin thar an uasteo** | **49** | **0.2%** | **-4%** | **51** | **1%** |
| Tiomáinte/i bhfeighil gluaisteáin faoi thionch | 2 | 0.0% | -78% | 9 | 1% |
| **Airm agus Cionta le Pléascáin** | **432** | **2.2%** | **-11%** | **486** | **19%** |
| I seilbh arm ionsaitheach (nach airm thine iad | 365 | 1.8% | -6% | 390 | 19% |
| **Cionta tinte ealaíne (le díol, le hadhaint srl.)** | **44** | **0.2%** | **-40%** | **73** | **64%** |
| Seilbh ar Airm Thine | 18 | 0.1% | 20% | 15 | 11% |
| **Cionta Gadaíochta, Sractha agus Fuadaigh** | **412** | **2.1%** | **22%** | **339** | **40%** |
| Gadaíocht ón duine | 353 | 1.8% | 21% | 292 | 60% |
| **Gadaíocht ó ghnólacht nó foras éigin** | **50** | **0.3%** | **22%** | **41** | **19%** |
| Fuadach Urghabháil Neamhdhlíthiúil feithicle | 9 | 0.0% | 50% | 6 | 17% |
| **Cionta i gcoinne an Rialtais, Nósanna Imeachta Ceart** | **326** | **1.6%** | **-3%** | **337** | **4%** |
| Sárú bannaí | 275 | 1.4% | -1% | 279 | 4% |
| **Cionta Gnéasacha** | **247** | **1.2%** | **-2%** | **253** | **28%** |
| Ionsaí gnéasach (nach trom é) | 127 | 0.6% | -27% | 175 | 26% |
| **Éigniú fireann nó baineann** | **73** | **0.4%** | **70%** | **43** | **34%** |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha | 30 | 0.2% | 43% | 21 | 39% |
| **Pornagrafaíocht Leanaí** | **13** | **0.1%** | **117%** | **6** | **15%** |
| **Calaois, Cealgaireacht agus Cionta Gaolmhara** | **108** | **0.5%** | **-31%** | **157** | **6%** |
| **Cionta nach Rangaítear in Áit ar Bith eile (NEC)** | **76** | **0.4%** | **-4%** | **79** | **7%** |
| **Fuadach agus Cionta Gaolmhara** | **1** | **0.0%** | **-80%** | **5** | **2%** |
| **Cionta Dúnmharaithe** | **1** | **0.0%** | **-50%** | **2** | **2%** |
| Dúnmharú | 1 | 0.0% | 0% | 1 | 3% |
| **Gach Cion** | **19,854** | **100.0%** | **-3%** | **20,536** | **9%** |

**Cion na gCionta Óige i gcomhréir le cionta foriomlána sa bhliain 2014*

** D'fhéadfaí nárbh ionann an céatadán iomlán agus 100% de bharr earráidí slánúcháin*


# 7
# RABHAIDH—FHOIRMIÚLA & NEAMHFHOIRMIÚLA

**Fíor 11 - Líon na Leanaí le Rabhadh Foirmiúil / Neamhfhoirmiúil 2007-2014**




- Bhí 7,451 leanbh ann a fuair rabhaidh fhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla sa bhliain 2014, ar lú é faoi 4% ná sa bhliain 2013 - bunaithe ar an atreorú ba dheireanaí a fuarthas. Tagann sé sin leis an laghdú foriomlán i líon na leanaí a atreoraíodh sa bhliain 2014 i gcomparáid leis an mbliain 2013 ar lú faoi 3% é.
- Is fireann iad 72% acu agus is baineann iad 28% acu.

**Fíor 12 - Céatadán na Leanaí le Rabhadh Foirmiúil / Neamhfhoirmiúil 2007-2014**




- Measadh 74% de na leanaí a fuair rabhadh de bheith oiriúnach dá n-áireamh leis an gClár, le 49% ag fáil Rabhaidh Neamhfhoirmiúil agus 25% ag fáil Rabhaidh Fhoirmiúil - bunaithe ar an atreorú ba dhéanaí a fuarthas.

# 8
# LEANAÍ A MEASADH DE BHEITH MÍOIRIÚNACH DÁ nÁIREAMH

Measadh 1,582 leanbh san iomlán de bheith Míoiriúnach do Rabhadh sa bhliain 2014, anuas faoi 4% ar líon iomlán na bliana 2013 ag 1,652 - bunaithe ar an líon atreoruithe ba dhéanaí a fuarthas. Is fireann 88% acu agus is baineann 12% acu.


- Is féidir cás a thaifeadadh go míoiriúnach más ann d'aon cheann de na nithe seo a leanas:
- Ní ghlacann an leanbh le freagracht as a gcuid iompair.
- Ní thoilíonn an leanbh dá rabhadh agus, de réir mar is cuí, dá maoirsiú ag Oifigeach Idirchaidrimh don Óige.
- Ní bheadh sé chun tairbhe na sochaí chun rabhadh a thabhairt don leanbh.
- Bíonn an leanbh ag athchiontú go dianseasmhach.

Beidh an Stiúrthóir sásta gurb iomchuí í iontráil an linbh isteach sa Chlár, gur chun leasa an linbh í agus go mbíonn sí comhsheasmhach le leasanna na sochaí agus aon íospartach/íospartaigh.


Nuair a bhítear ag breithniú glacadh leis an leanbh isteach sa Chlár, is amhlaidh a thabharfar machnamh go cuí d'aon tuairimí a nochtann íospartach ar bith i ndáil le hiompar coiriúil nó frith-shóisialta an linbh, ach ní bheidh toiliú an íospartaigh ceangailteach dá nglacadh isteach.

Seoltar na cásanna a mheastar de bheith mí-oiriúnach ar ais chuig lucht bainistíochta áitiúla an Gharda leis an deimhniú gur mí-oiriúnach é an leanbh dá n-áireamh sa Chlár Athstiúrtha. Is amhlaidh sin sa tsúil chun ionchúiseamh a thionscnamh os comhair na Cúirte.

**Fíor 14 - Céatadán na Leanaí a Breithníodh Míoiriúnach dá nÁireamh leis 2007-2014**




**Fíor 15 - Céatadán na Leanaí a Breithníodh Mí-oiriúnach dá nÁireamh leis 2007-2014**




- B'ionann céatadán na leanaí a measadh de bheith míoiriúnach don Chlár agus 16% sa bhliain 2014, ar chomhionann é leis an mbliain 2013.

# 9 AN CEARTAS AISIRÍOCH

Is próiseas saorálach é an ceartas aisiríoch mar a nglacann an duine óg freagracht as a (h)iompar ciontaithe agus mar a n-éiríonn siad freagrach dóibh siúd a ndearna siad díobháil orthu. Tugtar an deis don íospartach chun a gcuid tuairimí a léiriú trí chruinniú pearsanta leis an duine óg nó trí chur i láthair a gcuid tuairimí ag duine éigin eile. Is é Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) a shocraíonn agus a reáchtálann an cruinniú úd.

### CÉARD A BHÍTEAR AG IARRAIDH A GHNÓTHÚ LEIS AN gCEARTAS AISIRÍOCH?

Déantar díobháil do dhuine nó do phobal éigin nuair a dhéantar cion nó coir. Téann an díobháil sin i bhfeidhm ar bhealach éigin ar an duine nó pobal sin. Déantar iarracht tríd an gceartas aisiríoch chun plé leis an díobháil trí chomhphlé agus déantar iarracht chun an díobháil sin a thabhairt chuig croílár an chomhphlé. Déantar amhlaidh ach glór a thabhairt don duine a ndeachaigh an choir i bhfeidhm orthu. Cruthaítear deis leis ansin don chiontóir chun an díobháil a tháinig ón gcion a dheisiú agus chun cosc an athchiontaithe a chur ar aghaidh. Ní bhaineann breithiúnas ná milleán le próiseas an Cheartais Aisiríoch.

### CÉ AR FÉIDIR LEO BHEITH BAINTEACH LEIS?

Is go saorálach a ghlacann gach aon duine a bhíonn páirteach i gcruinniú Ceartais Aisiríoch. Ba cheart go n-áireofaí leis na rannpháirtithe an duine óg a rinne an cion, a t(h)eaghlach agus an t-íospartach, agus féadann duine éigin eile teacht in éineacht leo chun tacú leo. Féadtar cuireadh a thabhairt ón íospartach nó ón duine óg do dhuine ar bith a fhéadann rannchur go dearfach leis an bpróiseas. Is é JLO a eagraíonn an próiseas, agus is iondúil gur JLO eile le sainoiliúint a bhíonn mar chathaoirleach air. Áirítear leis na samplaí de dhaoine dá dtugtar cuireadh chun freastal air: daoine chun tacú leis an íospartach, oidí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spórt agus oibrithe óige nó tionscadail.

### CAD A THARLAÍONN AG ÓCÁID AISIRÍOCH ÉIGIN?

Cuireann an cathaoirleach is JLO gach duine in aithne ar a chéile, agus tugann achoimre de leagan amach an chruinnithe. Tugann an duine óg cuntas i leith a (h) iompair. Bíonn an deis ansin ag gach rannpháirtí chun a scéal a insint gan bhriseadh, agus chun an chaoi a ndeachaigh an t-iompar ciontaithe i bhfeidhm orthu a chur in iúl. Nuair a bhíonn cead cainte tugtha do gach aon duine ar mian leo labhairt, is amhlaidh a bheidh deis ann chun freagairt agus chun ceisteanna a chur. Tabharfar deis don chiontóir chun leithscéal a ghabháil, agus tabharfar deis don íospartach a dteastaíonn uathu ón gcruinniú a rá. Tarlaíonn comhrá ansin faoin gcaoi is fearr chun éilimh an íospartaigh a shásamh agus chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil. Pléitear ansin iompar an duine óig sa todhchaí. Aithneofar tacaíochtaí sa chruinniú de réir mar is féidir lena gcur i dtoll a chéile chun cuidiú leis an duine óg chun cosc a chur lena (h) athchiontú.

### CÁ REÁCHTÁLFAR AN CRUINNIÚ?

Is féidir an cruinniú Ceartais Aisiríoch a reáchtáil ag ionad ar bith ar a gcomhaontaíonn na páirtithe a mbíonn dlúthbhaint dhíreach acu leis. Is ceangaltas do thorthaí fabhracha é go mbraitheann na páirtithe dá dtugtar cuireadh slán sábháilte agus ar a gcompord. Áirítear le samplaí de na hionaid sin lárionaid phobail, spórtlanna, agus lárionaid pharóiste, óstáin agus stáisiúin an Gharda féin.

### CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON ÍOSPARTACH?

Is gné thábhachtach í go bhfaigheann íospartaigh cead cainte, chun a ndearcadh i leith an scéil a thabhairt agus chun tionchar iomlán an chiona orthu a mhíniú. Faigheann siad deis freisin chun bualadh leis na ciontóirí agus chun dúshlán a thabhairt in aghaidh a gcuid iompair. Tugtar le fios ón aiseolas ó íospartaigh gur cuiditheach é an próiseas seo chun bogadh ar aghaidh ón gcion. Féadann an cruinniú cuidiú leo freisin chun aon imní i leith íospairt fhéideartha na todhchaí a shárú nó chun freagraí a fháil do cheisteanna a chuireann as dóibh. Cé nach bhfuil aon ráthú ann don toradh deiridh, is féidir le híospartaigh tairbhe a bhaint freisin ó chúiteamh airgeadais nó ó chineálacha aisíoca eile. Tugadh le fios sa taighde le déanaí go raibh os cionn 90% de na híospartaigh sásta leis an mbealach inar pléadh leis an gcás trí leas a bhaint as an bpróiseas sin.

### AN LÉIREOFAR URRAIM DON PHRÍOBHÁIDEACHT?

Is de réir an dlí ar rúnda iad na saincheisteanna a nochtar ag an gcruinniú agus an t-ábhar d'aon chomhaontú ar a dtagtar, agus ní nochtfar iad d'aon duine gan chead roimh ré díobh siúd lena mbaineann.


### CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON DUINE ÓG?

Soláthraítear leis an rabhadh aisiríoch agus leis an gcomhdháil deis don duine óg chun glacadh le freagracht as a c(h)uid gníomhartha agus chun cuntas a thabhairt i leith a n-iompair. Faigheann siad deis chun leithscéal a ghabháil go díreach leis an íospartach, agus de réir mar is cuí, chun rud éigin dearfach a dhéanamh chun an díobháil dá bharr a dheisiú. Déantar iarracht sa chruinniú chun cúnamh leis an duine óg chun athchiontú a chosc trí ghlacadh leis an toradh agus comhtháthú in athuair.

# AN CEARTAS AISIRÍOCH 2014 IN AGHAIDH RÉIGIÚIN AGUS RANNÁIN

Chonacthas 993 Rabhadh Aisiríoch sa bhliain 2014 aníos ó 911 Rabhadh Aisiríocha thiar sa bhliain 2013.

**Fíor 13 - Líon na Rabhadh Aisiríoch 2007 – 2014**




**Tábla 4 - Líon na Rabhadh Aisiríoch 2011 – 2014**

| Rannán | 2014 | %Athrú | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **278** | **9%** | **254** | **213** | **212** |
| RCBÁC Thoir | 27 | 145% | 11 | 18 | 18 |
| RCBÁC Thuaidh Lárnach | 17 | -39% | 28 | 24 | 21 |
| RCBÁC Thuaidh | 136 | 0% | 136 | 73 | 82 |
| RCBÁC Theas Lárnach | 18 | 50% | 12 | 10 | 21 |
| RCBÁC Theas | 11 | 83% | 6 | 7 | 14 |
| RCBÁC Thiar | 69 | 13% | 61 | 81 | 56 |
| **Réigiún an Oirthir** | **116** | **13%** | **103** | **96** | **87** |
| Cill Dara | 19 | 280% | 5 | 27 | 26 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 21 | -25% | 28 | 9 | 19 |
| An Mhí | 41 | 41% | 29 | 17 | 23 |
| An Iarmhí | 27 | 8% | 25 | 29 | 15 |
| Cill Mhantáin | 8 | -50% | 16 | 14 | 4 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **162** | **100%** | **81** | **96** | **77** |
| An Cabhán/ Muineachán | 32 | 78% | 18 | 10 | 10 |
| Dún na nGall | 69 | 92% | 36 | 60 | 31 |
| Lú | 53 | 194% | 18 | 18 | 26 |
| Sligeach/Liatroim | 8 | -11% | 9 | 8 | 10 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **108** | **-25%** | **144** | **149** | **88** |
| Cill Chainnigh/ Ceatharlach | 17 | 0% | 17 | 50 | 16 |
| Tiobraid Árann | 49 | 14% | 43 | 53 | 40 |
| Port Láirge | 26 | -28% | 36 | 16 | 21 |
| Loch Garman | 16 | -67% | 48 | 30 | 11 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **272** | **3%** | **265** | **405** | **357** |
| Cathair Chorcaí | 51 | -18% | 62 | 58 | 102 |
| Corcaigh Thuaidh | 65 | -11% | 73 | 78 | 115 |
| Corcaigh Thiar | 20 | -20% | 25 | 38 | 44 |
| Ciarraí | 46 | -4% | 48 | 134 | 47 |
| Luimneach | 90 | 58% | 57 | 97 | 49 |
| **Réigiún an Iarthair** | **57** | **-5%** | **60** | **76** | **82** |
| An Clár | 13 | -61% | 33 | 18 | 4 |
| Gaillimh | 35 | 169% | 13 | 44 | 26 |
| Maigh Eo | 5 | -62% | 13 | 8 | 6 |
| Ros Comáin / An Longfort | 4 | 300% | 1 | 6 | 46 |
| **Eile** | **0** | **-100%** | **2** | **1** | **0** |
| **Iomlán Glan** | **993** | **9%** | **909** | **1,036** | **903** |

# SCÉALTA FAOIN gCEARTAS AISIRÍOCH

## Buirgléireacht ag Baile Teaghlaigh

Rinneadh buirgléireacht ar bhaile éigin sa chás seo agus muintir an tí ar shiúl ón mbaile. Tháinig siad ar ais chun fáil amach gur baineadh suim mhór airgid, seodra agus earraí pearsanta eile óna dteachsan.

Treisíodh tionchar na buirgléireachta, óir go raibh saoire phleanáilte don tseachtain dár gcionn i mbaol toisc gur goideadh a gcuid pasanna agus airgid, agus gur bhain míchaoithiúlachtaí móra lena n-iarrachtaí chun leanúint ar aghaidh leis an tsaoire.

Gabhadh cúigear ógánach ina dhiaidh sin as an gcion agus atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha iad. Measadh an cás bheith oiriúnach dá phlé tríd an gceartas aisiríoch agus chaith an tOifigeach Idirchaidrimh roinnt ama ag obair leis na híospartaigh agus le cás na gciontóirí óga chun cúnamh lena n-ullmhú agus lena bhfreastal ag an rabhadh aisiríoch.

Ghlac gach uile dhuine rannpháirt ann ar bhealach ur-ramach, agus d'aithin gach aon duine gur dhoghlactha amach is amach í an choir féin. D'éirigh an t-atmaisféar sa seomra fíorchorraitheach nuair a thug na híospartaigh cuntas ar an tionchar a bhí ag an gcoir ar a gcuid beatha. Rinne siad tuairisc ar an gcaoi ar bhraith siad nuair a shiúil siad isteach ina mbaile féin agus é ina chíor thuathail, agus ba é an rud ba mheasa go raibh a saoire phleanáilte, a bhí le teacht anuas gan ach cúpla lá ina dhiaidh sin, i mbaol mar thoradh ar ghoid pasanna agus airgid, agus b'amhlaidh a chaith an choir sin a scáil thar ócáid teagh-laigh shona éigin.

Bhí na híospartaigh in ann tuairisciú faoin gcaoi arbh éigean dóibh pasanna nua a eagrú, rud a chuir moill lena n -eitilit agus eitilt ó aerfort éigin eile a chur in eagar.

Bhí deis iontach dar ndóigh ag na híospartaigh chun insint do na hógánaigh faoin gcaoi a ndeachaigh goid earraí dlúthphearsanta i bhfeidhm orthu, agus faoin gcaoi nach bhfuarthas ar ais riamh iad agus nárbh fhéidir iad a ath-chur. Bhí siad in ann a mhíniú an chaoi ar athraíodh an saol laethúil acu mar thoradh ar an gcoir.

Bhí na hógánaigh fíor-aiféalach agus thuig siad tionchar mór a gcuid gníomhartha ar na híospartaigh agus ar a gcuid tuismitheoirí féin, a bhí i láthair ag an gcruinniú freisin. D'íoc siad airgead ar ais do na híospartaigh i gcom-har a chéile agus thug siad gealltanas don JLO i leith a n-iompair amach anseo.

Chuir duine amháin de na híospartaigh in iúl ní ba dhéanaí an chaoi tar éis an chruinnithe aisiríoch arbh í an chéad uair di chun codladh go sámh ón mbuirgléireacht i leith.

## Ionsaí agus Ócáid Carthanachta

Bhíothas ag reáchtáil ócáid 'Relay for Life' chun cistí ailse a charnadh thiar sa bhliain 2013 i bpáirc mhór i mbaile mór faoin tuath. Is sa Relay for Life a thugtar le chéile foirne cairde, comharsan agus teaghlach ag teacht le chéile ina ngrúpaí agus chun tiomantas a thabhairt ó na rannpháirithe chun siúl timpeall raoin nó cosáin ar feadh na gceithre huaire fichead. Tosaíonn an ócáid le cuairt ómóis ag marthanóirí na hailse. Is intuigthe gur ócáid fhíor-chorraitheach atá san imeacht seo do gach rannpháirtí inti, agus déantar ceiliúradh inti chun is go mbeidh sí speisialta do gach rannpáirtí.

Rinne ógánach ar meisce ionsaí ar ógánach eile inti oíche na himeachta, agus bhí tionchar tromchúiseach aige ar rannpháirtithe na hócáide, a bhí trína chéile lena leithéid de ghníomhartha ag imeacht mar í. Tháinig freagracht ar lucht eagraithe na himeachta chun an cás a thuairisciú do na Gardaí, agus bhain teannas mór agus deacracht leis an gcéim sin do gach aon duine lenar bhain.

Nuair a bhuail an JLO leis an gciontóir óg tháinig sí ar bhua-chaill a thuig go maith a ndearna sé agus arbh fheasach dó an tionchar ar an mbuachaill eile agus orthu siúd go léir a bhí ag an relay for life an oíche úd.

Gheall Dónal (nach é an t-ainm fíor aige) chun litir a scríobh chuig an mbuachaill a ndearna sé ionsaí air, agus d'eagraigh an JLO cruinniú ansin idir gach aon duine a ndeachaigh gníomhartha Dhónail i bhfeidhm orthu.

Ba léir nár thuig Dónal tionchar a chuid gníomhartha an oíche úd ina iomláine, agus ceadaíodh do dhaoine leis an gcruinniú chun insint do Dhónal faoin imeacht agus faoin tionchar a bhí aige, ní hamháin ar an íospartach, ach ar dhaoine eile a bhí i láthair an oíche úd.

Rinne Dónal bailiú airgid don ailse tar éis an chruinnithe úd dá dheoin féin, agus thug an t-airgead a bailíodh d'ea-garthóirí na himeachta agus thug leithscéal dóibh as ucht a ghníomhartha.

Ghlac Dónal rannpháirt san imeacht é féin sa bhliain 2014; ar próiseas cúitimh amach is amach é, mar thoradh ar rannpháirtíocht sa rabhadh aisiríoch.

## Cúlra

Ba é An Garda Síochána a chuir tús le Tionscnamh Ceartais Aisiríoch Chathair agus Chontae Phort Láirge thiar sa bhliain 2010. Ba é an Leas-Choimisinéir um Straitéis agus Seirbhísí a thug faomhadh don tionscnamh agus a thacaigh leis an tráth sin. Ba é An Garda Síochána i bPort Láirge a bhí ina cheannas go háitiúil, le ról rialachais agus maoirseachta ag Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail.

B'éard ba chuspóir leis an tionscnamh ná chun Cathair Phort Láirge a bhunú mar an gcéad Chathair Aisiríoch in Éirinn. Bunaíodh é chun feidhmiú mar chlár píolótach chun Cleachtais Aisiríocha a bhunú mar an mheicníocht le húsáid nuair a bhítear ag plé le leanaí agus le daoine óga nach ndearna cion ná iompar frithshóisialta i gcoinne an dlí amháin, ach a sháraigh rialacha scoileanna agus cumann freisin. Táthar ag dúil go n-áireofaí leis na tairbhí fadtéarmacha laghdú sa neamhfhreastal scoile, tógáil caidreamh urramach laistigh de na scoileanna agus cumainn agus tionchar tréscaoilte sa phobal óna dtiocfaidh laghdú sa choireacht agus sna hiompair frith-shóisialta.

Ba iad baill den Gharda Síochána a bhí ina n-oiliúnóirí cáilithe arna gcreidiúnú ag an Institiúid Idirnáisiúnta um Chleachtais Aisiríocha (IICA), a d'éascaigh agus a sheachaid oiliúint idirghníomhaireachta ag an leibhéal áitiúil. Cúrsaí aon lae le cleachtadh a fháil ar chleachtais aisiríocha, cúrsaí 3 lá ina gcumasófaí na rannpháirtithe chun éascú d'imeacht aisiríoch agus cúrsaí 'oiliúint a chur ar an oiliúnóir'; bhain siad leis an oiliúint. Chonacthas idir Ghardaí áitiúla, lucht foirne ó Thionscadail Áitiúla Athstiúrtha an Gharda, oibrithe ó na cumainn óige áitiúla, oidí ó scoileanna áitiúla, bhaill ó chumann sóirt áitiúla, bhaill den FSS agus den phobal i gcoitinne i measc na rannpháirtithe ann. Ba í Comhairle Chathair Phort Láirge a chistigh an chuid ba mhó den oiliúint.

## Stádas Reatha

Tá an tionscnamh tar éis claochlú le 4 bliana anuas le forbairt go foirmiúil ina 'Waterford Restorative Practices Network (WRPN/Ghréasán Cleachtas Aisiríoch Phort Láirge)' faoin mbliain 2014.

Seachdtar ar bhealach comhoibritheach é leis an FSS, an tÚdarás Áitiúil, na Scoileanna, soláthróirí seirbhíse óige agus leis an bpobal. Áirítear leis na gníomhaireachtaí comhpháirteacha a mbaineann leo an tSeirbhís Phromhaidh, Comhairle Phort Láirge, Seirbhísí Óige Phort Láirge agus Thiobraid Árann, Barnardos, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Tionscadil Treo Phort Láirge agus an tseirbhís mheantóireachta "Le Chéile". Tá an tionscnamh ag déanamh dul chun cinn go maith, ag dul i bhfeidhm go dearfach ar dhaoine ar fud na socruithe éagsúla Oideachasúla, Eagrúchán, Ceartais, Sláinte & Pobail.

Is é misean WRPN go soláthrófar na hoilteachtaí, tacaíocht agus oiliúint éigeantach chun a chinntiú go mbíonn gach cineál Cleachtas Aisiríoch (CA) leabaithe i bhfréamha na sochaí i bPort Láirge.

Áirítear le **cuspóirí WRPN**:

1. Spreagadh Feasachta i leith CA i gCathair & Contae Phort Láirge.
2. Comhpháirtithe Straitéiseacha a Aithint & Comhoibriú leo.
3. Forbairt na hOiliúna CA.
4. Tacú le húsáid na gCleachtas CA sa Phobal agus fobairt agus treisiú na nasc leis na comhpháirtithe CA.
5. A chinntiú go mbíonn an saothar inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de Breithmheas ar thionchair na hoiliúna & na húsáide CA chun an Dea-Chleachtas a chinntiú
6. Creideann muintir WRPN agus na heagrais ar ionadaithe dóibh iad go rachaidh úsáid níos forleithne an CA i bPort Láirge chun tairbhe na ndaoine, an phobail agus cháilíocht na beatha do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i bPort Láirge.

Leantar ar aghaidh le hoiliúint a chur ar chleachtóirí Cleachtas Aisiríoch (CA) trí mheán na gclár oiliúna fóirdheonaithe le creidiúnú ó Institiúid Idirnáisiúnta um Chleachtais Aisiríocha an AE (IICA AE). Táthar ag pleanáil seoladh oifigiúil an Ghréasáin Chleachtas Phort Láirge don bhliain 2015 i dteannta le breithmheas ar an tionscnamh ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

# 10
# TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA

Bíonn Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGí) ina dtionscnaimh phobal-bhunaithe, ilghníomhaireachta a dhírítear go príomha chun daoine óga a athstiúradh a raibh rannpháirt ach le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil ach gníomhaíochtaí oiriúnacha a sholáthar chun éascú don fhorbairt phearsanta, chun freagracht shibhialta a chur chun cinn agus chun ionchais fostaíochta fadtéarmacha a fheabhsú. Féadtar oibriú le daoine óga sna tionscadail freisin a bhíonn go mór i mbaol bheith bainteach le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil. Is tríd an saothar sin a rannchuireann na tionscadail le feabhsú cháilíocht na beatha laistigh de na pobail agus le feabhsú na gcaidreamh idir an Garda agus an pobal.

Oibrítear le daoine óga sna TAÓGí den chuid is mó ag aois idir 12 agus 18 mbliana déag, a tháinig trasna an dlí nó atá i mbaol an dlí a thrasnú. Atreoraítear suas le 5,000 duine óg chuig cláir athstiúrtha gach aon bhliain, agus atreoraítear 55% díobh siúd tar éis rabhaidh JLO; is féidir Garda éigin eile, gníomhaireacht eile, oibrí pobail nó duine dá muintir an leanbh a atreorú freisin.

Oibrítear leis an leanbh sa tionscadal agus socraítear plean idirghabhála aonair dó/di ina bhféachtar chun cúnamh leis an leanbh chun a gcuid cinnteoireachta a scrúdú, trí dhíriú ar chinntí óna dtagann a gcuid cionta agus ar an ngá d'athrú meoin. Baineann foireann an tionscadail leas as teicníochtaí agallóireachta spreagthacha chun an t-athrú sin a éascú agus baintear leas as samhaltú sóisialta chun dúshlán a thabhairt in aghaidh dearcthaí agus iompair rannpháirtí éigin.

Soláthraítear cúnamh agus tacaíocht freisin do theaghlach an rannpháirtí, agus aitheantas ann go gcaithfear aon athrú i ndearcthaí agus iompair an rannpháirtí a atreisiú go dearfach sa bhaile, ar scoil, laistigh de phiarghrúpaí agus sa phobal.

Tá Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána tar éis obair go dlúth i rith na bliana 2014 le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (SÉCAÓ) chun na hidirghabhálacha a sholáthraítear trí na tionscadail a fheabhsú. Díríodh an saothar go sonrach ar athailíniú thorthaí an tionscadail leis na treochtaí áitiúla sa choireacht. Bhain aithint na n-eochaircheisteanna i ndáil le cionta óige ina nDúichí féin ag lucht bainistíochta áitiúil an Gharda, agus oibriú leis an tionscadal chun idirghabhálacha iomchuí a dhearadh agus a fhorfheidhmiú laistigh de na heochairlimistéir chun dúshlán a thabhairt i gcoinne iompraíochta ciontaithe aitheanta.

### Scéim Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin

D'fhógair Frances Fitzgerald T.D., an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, cistiú i mí na Nollag 2014 faoi Scéim Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin do ChláIr Phobail Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig arna mbainistiú ag a Roinnse féin.

Feabhsófar leis an gcistiú nua réimse beart cuimsitheachta sóisialta dá bhfuil ar fáil do dhaoine óga, go háirithe i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na heacnmaíochta agus na sochaí de.

Dúirt an tAire Fitzgerald: "Tá ríméad orm go mbeidh limistéar an Cheartais Óige in ann tacaíochtaí breise a sholáthar do leanaí óga i bpobail imeallaithe chun tacú le hiarrachtaí ag mo Roinnse agus ag An Garda Síochána chun an choireacht a laghdú."

Beidh €2.8 milliún ar fáil do Chláir Phobail Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig chun tacú le roinnt tograí, lena n-áirítear bunú Tionscadal Athstiúrtha nua an Gharda Síochána ag ionaid bhreise timpeall na tíre.

Roghnófar ionaid na dtionscadal nua ar bhunús fachtóirí éagsúla lena n-áireofar méaduithe sa daonra óg agus/nó leibhéil na coireachta óige. Beidh a thuilleadh fógraí ón Aire i leith na dtionscadal san athbhliain.

Tacóidh an cistiú freisin le fostú oibrithe ceartais óige breise san Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda reatha óna dteastaíonn na hacmhainní, agus le forbairt idirghabhálacha feabhsaithe chun tacú le daoine óg a thagann chun airde an Gharda Síochána.

# IONAD TIONSCADAL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SA TÍR

| Réigiún: | Rannán: | Stáisiún Áitiúil: | TAÓG |
|---|---|---|---|
| **Thuaidh** | An Cabhán / Muineachán | **An Cabhán** | **Cavan 365** |
| | | **Muineachán** | **MNYP** |
| | Sligeach / Liatroim | **Sligeach** | **Tionscadal Ghníomh Óige Shligigh** |
| | Lú | **Droichead Átha (x 2)** | **Boyne, CABLE** |
| | | **Dún Dealgan (x 2)** | **TEAM, High Voltage** |
| | Dún na nGall | **Leitir Ceanainn** | **TAÓG an Fháil Charraigh** |
| | | **Baile na nGallóglach** | **LEAF** |
| **Thiar** | An Clár | **Inis** | **Óige na hInse** |
| | | **Cill Rois** | **TAÓG Chill Rois** |
| | Gaillimh | **Sráid an Mhuilinn, Gaillimh (x 2)** | **BÁN, MEAS** |
| | | **Tuaim** | **Treo Nua** |
| | | **Béal Átha na Sluaighe** | **Junction** |
| | Ros Comáin / An Longfort | **Ros Comáin** | **RAD** |
| | | **An Longfort** | **LEAP** |
| | Maigh Eo | **Béal an Átha** | **Gníomh Óige Bhéal an Átha** |
| | | **Caisleán an Bharraigh** | **Tionscadal Ghníomh Óige Chaisleán an Bharraigh** |
| **Theas** | Cathair Chorcaí | **Garrán na mBráthar (x 2)** | **Tionscadal Gnímh Bhaile an Chollaigh, Chnoc na hAoine, Chnoc an Chuilinn** |
| | | **Baile na mBocht (x 2)** | **FAYRE, GAP** |
| | | **Sráid Angelsea** | **MAY** |
| | | **An Tóchar (x 2)** | **TACT, Dúglas Thiar** |
| | Corcaigh Thuaidh | **An Cóbh** | **Feabhas** |
| | | **Mala** | **TAÓG Mhala** |
| | | **Eochaill** | **TAÓG Eochaille** |
| | Corcaigh Thiar | **Droichead na Bandan** | **Óige Dhroichead na Bandan** |
| | Ciarraí | **Trá Lí (x 3)** | **MY, JUST US, Connect 7** |
| | | **Lios Tuathail** | **NK10** |
| | | **Cill Áirne** | **BAPADE** |
| | | **Oileán Chiarraí** | **An tOileán** |
| | Luimneach | **Luimneach (x 5)** | **Óige Bhaile na Neanta, CCYDG, Óige an Bhaile Ghaelaigh, Oileán an Rí, Tionscnamh Óige Southside** |
| | | **An Caisleán Nua** | **Luimneach Thiar** |
| **Thoir Theas** | Tiobraid Árann | **Cluain Meala (x2)** | **CYD, EDGE** |
| | | **Baile Thiobraid Árann** | **TAR** |
| | | **Ros Cré** | **RAY** |
| | Port Láirge | **Port Láirge (x 3)** | **BALL, SWAY, PACT** |
| | | **Trá Mhór** | **TYRE** |
| | | **Dún Garbháin** | **DAY** |
| | Loch Garman | **Loch Garman** | **SAFE** |
| | | **Inis Córthaidh** | **An tSláine** |
| | | **Ros Mhic Thriúin** | **Tréoin** |
| | Cill Chainnigh / Ceatharlach | **Cill Chainnigh** | **COMPASS** |
| | | **Ceatharlach** | **HUB** |
| **Thoir** | Cill Dara | **An Droichead Nua** | **An Currach An Droichead Nua** |
| | | **Léim an Bhradáin** | **Bridge Youth** |
| | Laois / Uíbh Fhailí | **Port Laoise (x2)** | **BLOCK, PORT** |
| | | **Tulach Mhór (x2)** | **Fusion, ACORN** |
| | | **Biorra** | **SUB** |
| | An Mhí | **An Uaimh** | **NYPD** |
| | | **Baile Átha Troim** | **SMART** |
| | An Iarmhí | **Baile Átha Luain** | **ALF** |
| | | **An Muileann gCearr** | **EYE** |
| | Cill Mhantáin | **Bré** | **New Directions** |
| | | **Cill Mhantáin** | **WAY** |
| **Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath** | Thoir | **Dún Laoghaire (x2)** | **LAB, Castle** |
| | | **An tSeanchill** | **SAY** |
| | Thuaidh Lárnach | **Sráid Mhic Giobúin (x3)** | **DIME, HAY, MICKOL** |
| | | **Bridewell** | **MOST** |
| | | **Sráid an Stórais** | **SWAN** |
| | Thuaidh | **An Chúlóg (x2)** | **Gleann na Coille, Óige na Coille Móire Thiar** |
| | | **Baile Munna** | **Baile Munna** |
| | | **Sord** | **JETS** |
| | Theas Lárnach | **Sráid Chaoimhín (x 2)** | **DÁN, Cumann na Saoirsí** |
| | Theas | **Tamhlacht (x 5)** | **APT, Boost, JAY, KEY, YEW** |
| | | **Croimghlinn (x2)** | **Brú GYDP / CLAY** |
| | Thiar | **Cluain Dolcáin (x 3)** | **GRAFT, SWIFT, Valley** |
| | | **Baile Bhlainséir (x 3)** | **WEB 1/ WEB 2 / ORB** |
| | | **Baile Formaid (x2)** | **CODY, ABLE** |
| | | **An Chabrach** | **Step Up na Cabraí** |
| | | **Fionnghlas (x 2)** | **EFFORT, FAN** |

# 11
# TUAIRIMÍ

Thug an Coiste roinnt forbairtí faoi deara i rith na bliana 2014 lena bhfeabhsófar go mór éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha agus lena gcuideofar chun seirbhís níos fearr a sholáthar do chiontóirí óige, íospartaigh na coireachta, baill an Gharda, agus don chóras ceartais choiriúil in Éirinn amach anseo.

### Athbhreithniú an Chláir Athstiúrtha ag an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU).

D'fhéach an tArd-Cheannfort i mBiúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail chun athbhreithniú a fháil i mí Aibreáin 2014 ar na cleachtais agus nósanna imeachta reatha a bhí i bhfeidhm ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ón Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU). Reáchtáladh roinnt cruinnithe agus aithníodh limistéir áirithe tar éis cuairte ar an láthair ina bhféadfaí tairbhe a bhaint ó iniúchadh;

- PULSE
- Bainistiú agus monatóireacht na gcomhad,
- Nósanna imeachta oifige ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána,
- Oiliúint foirne
- agus freagracht daoine faoin bpróiseas Atreoraithe don Athstiúradh Óige agus fiosrúcháin ina dhiaidh sin.

Aontaíodh ar athbhreithniú breise ar raon feidhme an iniúchta, chun an próiseas a scrúdú idir atreorú agus toradh deireanach, bíodh sé sin mar áireamh leis an gClár Athstiúrtha nó ionchúiseamh, agus ar cuireadh an t-ionchúiseamh ar aghaidh nó nár cuireadh. Cuirfidh an GPSU críoch lena n-athbhreithniú sa bhliain 2015.

### Foilsiú Thuarascáil Cigireachta an Gharda Síochána um Fhiosrúchán Coireachta

Foilsíodh Tuarascáil Cigireachta an Gharda Síochána um Fhiosrúchán Coireachta i mí na Samhna 2014, a tháinig mar thoradh ar iniúchadh mionsonraithe dhá bhliain ag an gCigireacht ar fhiosrúchán na coireachta sa Gharda Síochána. Rinne an Chigireacht iniúchadh ar na beartais, cleachtais agus nósanna imeachta as ar baineadh leas chun cosc agus fiosrú na coireachta lenar áiríodh an Clár Athstiúrtha.

I measc na n-eochairthorthaí den tuarascáil is amhlaidh a thugann an Coiste faoi deara na pointí seo a leanas:

- Ní thugtar ionchúiseamh in aghaidh roinnt ógánach i gcásanna míoiriúnacha do rabhaidh;
- Cuirtear moill le hatreoruithe i gcomhair roinnt cásanna;
- Níl aon spriocanna feidhmíochta ag GYDO agus ní thaifeadtar a cuid staitisticí i leith torthaí i ndáil le rátaí athchiontaithe;
- B'fhearr leis na JLOí nós imeachta mar a dtugtar rabhadh le hordú maoirseachta nó gan é, seachas an córas rabhaidh fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil reatha;
- Ní mheasann na JLOí go bhfuil siad cáilithe chun plé le daoine óga a mbaineann deacrachtaí géara mothúchánacha agus iompraíochta dóibh.
- Cuirtear daoine óga ar aghaidh i gcomhair cóireála gan freastal éigeantach, go háirithe um chóireáil do chiontóir gnéasach;
- Baintear leas as próisis an cheartais aisiríoch i gcás amháin as gach fiche cás lena bpléann na JLOí;
- Tá deis ann chun seirbhís ilghníomhaireachta chomhlonnaithe do chiontóirí óga a chruthú;
- Déanfaidh Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig an leagan iomlán d'uirlis measúnachta a rolladh amach sa bhliain 2015 ar gach clár athstiúrtha, ar féidir leas a bhaint aisti chun plean idirghabhála a fhorbairt do na leanaí a atreoraíodh;
- Maidir leis na ciontóirí óga bhí cleachtas ann coir a bhrath go róluath sular measadh an ciontóir óg de bheith oiriúnach don chlár athstiúrtha;
- Taifeadadh roinnt mhór cásanna JLO mar chásanna braite, cé gur marcáladh an duine ar PULSE de bheith míoiriúnach don scéim;
- B'éagsúil é dul chun cinn i leith cásanna a measadh de bheith míoiriúnach do rabhadh ó Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDO) ar fud na rannán ar tugadh cuairt orthu.

### Foilsiú Thuarascáil Cigireachta an Gharda Síochána um Fhiosrúchán Coireachta (ar lean)

Thug an Chigireacht 2 mholadh maidir leis an gClár Athstiúrtha; moladh go ngairfeadh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais grúpa oibre trasrannach agus ilghníomhaireachta chun seirbhís ciontóirí óige chomhshuite agus lán-chomhtháite a fhorbairt. (Fadtéarma). Moltar do ghnóthú an mholta thuas go nglactar na heochairghníomhartha seo a leanas:

- Iniúchadh ar ról Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓG), sa phróiseas cinnteoireachta réamh-chúisithe lena mbaineann ciontóirí is ógánaigh a bhíonn faoi amhras coireanna tromchúiseacha ar nós dúnmharaithe agus éignithe.
- Cur chun feidhme scéime oiriúnaí rannpháirtíochta nó athstiúrtha a bhreithniú dóibh siúd faoi bhun dhá bhliain déag d'aois a thagann chun airde an Gharda Síochána
- Úsáid próiseas aisiríoch a chur chun cinn i gcomhréir le hAcht na Leanaí, 2001
- Prótacal do chomhroinnt na faisnéise a thabhairt isteach idir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige agus cláir athstiúrtha chun cúnamh le sainaithint agus le cóireáil na saincheisteanna iompraíochta
- Próiseas na rabhadh foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a athmheasúnú
- Bearta feidhmíochta bunaithe ar fhianaise a thabhairt isteach chun cúnamh le pleanáil na gníomhaíochta athstiúrtha
- Comhpháirtí taighde a fhostú chun an dea-chleachtas a fhorbairt i ndáil le próiseas Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus le Clár Scoile an Gharda chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú
- Na ceangaltais rannpháirteachais do na cláir chóireála do chiontóirí óga a athbhreithniú, agus go háirithe dóibh siúd a rinne cionta gnéasacha

**Mhol an Chigireacht go bhfeabhsaíonn an Garda Síochána oibriú reatha Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (Gearrthéarma). Mhol an Chigreacht go nglacfaí na heochairghníomhartha seo a leanas chun an moladh thuas a ghnóthú:**

- A chinntiú go n-atreoraítear gach cás incháilithe don GYDO i gcomhair cinntí
- A chinntiú go gcríochnaítear próiseáil ciontóirí óga ar bhealach tráthúil
- A chinntiú go gcuirtear na cásanna a mheastar de bheith míoiriúnach do rabhaidh JLO ar aghaidh i dtreo ionchúisimh
- Beartas an Gharda a bhreithmheas agus a shoiléiriú i dtaca le cur ilrabhadh i bhfeidhm

### Foilsiú Tackling Youth Crime – Youth Justice Action Plan, (Ag Dul i nGleic le Coireacht na hÓige – Plean Gnímh don Cheartas i leith an Aosa Óig) 2014-2018

Foilsíodh an plean gnímh thuas i mí Feabhra na bliana 2014, arna fhorbairt ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig. Dírítear aird an Phlean Gnímh chun leanúint ar aghaidh leis na treochtaí íslitheacha sa choireacht ardtoirte agus sa choinneáil; éirí níos inniúla chun tuiscint a fháil agus idirghabháil a bheartú sna patrúin chiontaithe um choireacht thromchúiseach; agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha úd a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar iompar agus ar éilimh na ndaoine óga sin. Is leis na sonraí is mó de réir a chéile a chinnteofar an chaoi ina mbeartófar tosaíocht d'acmhainní, lena n-áirítear an chaoi chun cumhdach na dTionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGí) a uasmhéadú ar fud na tíre. Is eochair-gheallsealbhóir é an Garda Síochána tríd an gClár Athstiúrtha sa phlean seo.

### Forbairt Straitéise d'Fhorfheidhmiú an Cheartais Aisiríoch agus na gCleachtas Aisiríoch

Fáiltíonn an Coiste roimh fhorbairt na straitéise seo, agus aithníonn na hiarrachtaí leanúnacha chun an Ceartas Aisiríoch agus na Cleachtais Aisiríocha a chur chun cinn.

# 12
# MOLTAÍ

**Is é moladh an choiste:**

- *Go n-ullmhófaí sraith straitéisí d'eagras iomlán an Gharda lena gcuimseofaí réimse cáipéisí treoracha do Cheannfoirt, Gardaí agus na JLOí leis an aidhm chun feasacht a spreagadh i leith phróiseáil na gciontóirí óige agus chun comhlíonadh le Beartas agus Nós Imeachta an Gharda i ndáil leis an gClár Athstiúrtha a chinntiú. Ba chóir go gcinnteofaí léi sin go dtugtar aghaidh ar mholtaí gearrthéarmacha Chigireacht an Gharda.*

- *Is í Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a bhreithníonn go múnlófar Tuairiscí Oiriúnachta do chiontóirí óga agus dá n-áireamh leis an gClár Athstiúrtha le forfheidhmiú The Youth Level of Service/Case Management Inventory™ (YLS/CMI™). Sholáthrófaí le measúnú éileamh/priacail YLS scóráil bunaithe ar an eolaíocht i leith oiriúnachta, agus dhéanfaí an chinnteoireacht a chaighdeánú agus an tsuibiachtúlacht a bhaint dá réir.*

- *Roghnófaí ionad na dTAÓG a mholtar lena mbunú le cistiú faoi Scéim Eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin ar bhunús thorthaí an taighde 'Anailís ar Choireacht na hÓige'.*

- *Leanann Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ar aghaidh ag baint leasa as saineolas Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána d'fhonn freagraí agus idirghabhálacha níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a dhíriú ar dhaoine óga.*

- *Coinníonn Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána uirthi ag cur chun cinn úsáid na gCeartas agus na gCleachtas Aisiríoch laistigh den Gharda Síochána.*